

Caibidil a Dó

An Cás ó Thaobh Cosc ar Dhíolachán Faoi Chostas - 1956 go dtí 1987

2.1 Réamhrá

Tagraítear de ghnáth don chosc a tugadh isteach i reachtaíocht na hÉireann don chéad uair in Ordú um Earraí Grósaera 1987 mar an ‘cosc ar dhíolachán faoi chostas’.

Is minic trí dhearmad go nglactar leis an téarma mar rud a chiallaíonn nach féidir le miondíoltóirí táirgí a dhíol le tomhaltóirí ar phraghas níos ísle ná an méid a d’íoc siad (na miondíoltóirí) orthu.

Bítear an-trína chéile faoin gcur síos míchruinn sin agus tá sé tábhachtach mar phointe tosaigh ag aon phlé ar an gceist seo tuiscint a fháil ar nádúr an choisc in Ordú 1987.

Lena rá ar bhealach níos simplí, is mar seo a leanas a chuirtear é, in Airteagal 11 den Ordú um Earraí Grósaera :

“...a retailer shall not sell grocery goods...at a price that...is less than the net invoice price of the goods (including value added tax).”¹

Mar sin féin, tá sé mar choinníoll beacht ag Airteagal 2 (2) den Ordú conas a ríomhfaí ‘glan-phraghas ar an sonrasc’ agus tá foráil shainiúil ann leis sin:

“...no account shall be taken of discounts, rebates or other deductions which are not entered on the invoice in cash terms as deductions from the sum due to the supplier or wholesaler.”

Tugtar ‘lascaíní nach mbíonn ar an sonrasc’ ar an gcineál lascaíne a gcuirtear síos orthu san fhoráil seo agus is gné den trádáil iad le fada an lá. Áirítear leo de ghnáth lascaíní toirte agus dílseachta a thugann an soláthróir don mhiondíoltóir ag deireadh tréimhse trádála (b’fhéidir ag deireadh ráithe nó fiú amháin ag deireadh na bliana). Agus mar gheall orthu sin, ní minic go dtaispeántar ar an sonrasc a thugann déantúsóir nó mórdhíoltóir do mhiondíoltóir grósaera fíorchostas na n-earraí atá á soláthar.

Sampla simplí ná áit a gceannaíonn miondíoltóir bosca arbhar bricfeasta ó sholáthróir agus tugtar sonrasc dó a thaispeánann costas an arbhair sin mar

¹ Is sliocht é seo as [Airteagal 11](#) den Ordú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1987, I.R. Uimh 142 de 1987. Moltar do léitheoirí ar mian leo tuiscint níos iomláine a fháil ar an Airteagal é a léamh ina iomláine (féach Aguisín a hAon). Ciallaíonn ‘praghas ar an sonrasc’ áfach, sa chomhthéacs seo, an praghas a thaispeántar ar an sonrasc a fhaigheann an miondíoltóir ó sholáthróir maidir leis na hearraí a bhíonn i gceist.

€1. Tá sé mar choinníoll ag an dlí nach féidir leis an miondíoltóir an t-arthar sin a dhíol anois leis an tomhaltóir ag níos lú ná €1.

Mar sin féin, má thugann an soláthróir, an tseachtain seo chugainn, lacáiste 15c don miondíoltóir ar an mbosca arbhair, ansin ní chosnaíonn an bosca air ach 85c. Faoin dlí mar a sheasann sé, áfach, ní ceadmhach fós don miondíoltóir sin an bosca arbhair a dhíol ag níos lú ná €1.

Mar sin déantar tagairt níos cirte don chosc in Ordú 1987 mar chosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc.

Cé gur tugadh an cosc isteach don chéad uair i 1987, téann a bhunús siar níos faide ná sin – go dtí 1955 nuair a chuir an Coimisiún Cóir-Thrádála tús lena fhiosrúchán faoi sholáthar agus imdháil táirgí grósaera. Bhí an fiosrúchán sin chun leagan amach an chéad Ordú um Earraí Grósaera a stiúradh i 1956.

2.2 Cothabháil Praghsanna Athdhíolta

Bhain Tuarascáil 1956 an Choimisiúin Cóir-Thrádála den chuid is mó leis an gceist a bhain le cothabháil praghsanna athdhíolta (CPA), cleachtas a bhí forleathan sa tionscal ag an am agus a bhain le déantúsóirí, soláthróirí nó cumainn mhiondíola a bheith ag leagan síos íospraghsanna faoi nach bhféadfaí roinnt táirgí grósaera, nó nach ndéanfaí, iad a athdhíol – bhí sé amhlaidh i gcás mórdhíoltóra a bheadh ag díol le miondíoltóir nó miondíoltóir a bheadh ag díol le tomhaltóir.

Fuair an CPA amach gur chuir an cleachtas srian le hiomaíocht praghsanna agus nach raibh sé *'not in the public interest.'*² Mhol siad go gcuirfí cosc air.

Níor mhol an CPA cosc ar mhiondíoltóirí a bheith ag díol faoi chostas ar an mbunús *'is not necessary at present'*³. Mar sin féin, mhol an Coimisiún *'having regard....to conditions generally in the trade,'* go mbeadh soláthróirí i dteideal soláthairtí a shiarchoinneáil ó aon mhiondíoltóir a bhí ag díol earraí faoi chostas.

Ba chéim mhór i stair agus i bhforbairt thrádáil grósaera na hÉireann é an deireadh a cuireadh le cothabháil praghsanna athdhíolta mar thoradh ar Thuarascáil 1956. Tá an cleachtas ó choimirce an dlí riamh ó shin agus tá cosc air faoi láthair i ngach earnáil den gheilleagar ag forálacha Acht Iomaíochta 2002.⁴ Sa Ríocht Aontaithe cuireadh deireadh leis an gcleachtas cothabháil praghsanna athdhíolta leis an *Resale Prices Act* i 1964 ach is i ndiaidh díospóireachta pholaitiúla teasaí ar an ábhar a tharla sé sin, díospóireacht a bhí ag dul ar aghaidh go fiachmhar ó dheireadh an Dara

² Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1956, lth 123, Para 182.

³ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1956, lth 125, Para 183.

⁴ Alt 4 (1) (a) den Acht Iomaíochta, 2002 (Uimh 14 de 2002) a chuireann cosc ar chleachtais a 'shocraíonn praghsanna ceannacháin nó díolacháin go díreach nó neamhdhíreach nó aon choinníollacha trádála eile.'

Cogadh Domhanda. Tá cosc freisin ar an CPA i gcuid mhaith gilleagar forbartha agus san iarthar mar chleachtas frith-iomaíochta.⁵

Tomhais ar chomh mór agus atá cúrsaí athraithe le 50 bliain anuas ná, faoi dhlí na hÉireann, d'fhéadfadh daoine a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí den sórt sin sa lá atá inniu a bheith ciontach as cion choiriúil.⁶

Mar sin féin, tá sé ráite gurb ionann an cosc reatha ar dhíolachán faoi ghlanphraghas ar an sonrasc agus foirm cothabhála praghsanna athdhíolta. Imscrúdaítear an argóint sin in Alt 6.6 thíos.

2.3 Aighneachtaí chuig Fiosrúchán 1956

Déanfaimid imscrúdú sonrasc thíos ar thorthaí agus ar chonclúidí Fiosrúchán 1956 an CCT ar an ábhar. Ar ndóigh, caithfidh tuiscint a bheith ag dul leis an imscrúdú sin go bhfuil imthosca eacnamaíola agus struchtúr thrádáil earraí grósaera an-difriúil anois thar mar a bhí siad sna 1950aidí. Mar sin féin, is beag athrú a bheidh tagtha ar na bunphrionsabail eacnamaíochta sa tréimhse idir an dá linn agus, más aon rud, ní dhéanann an tábhacht atá ag baint níos mó ná riamh le hiomaíocht i gcás feidhmiú gilleagar nua-aimseartha ach na hargóintí in aghaidh cothabháil praghsanna athdhíolta a neartú tuilleadh.

As na ceithre dhéantúsóir déag is fiche a thug fianaise d'Fhiosrúchán 1956, 'dúirt nó mhol' seisear acu praghsanna ag ar chóir do mhórdhíoltóirí a guid táirgí a dhíol le miondhíoltóirí. I gcomparáid leis sin, thug seacht nduine is fiche acu le fios 'ar bhealach amháin nó ar bhealach eile na praghsanna a ghearrfaidh miondhíoltóirí...' ar thomhaltóirí.⁷ (líne curtha faoi istigh).

Dealraíonn sé go raibh éagsúlacht ag baint le chomh mór agus a braitheadh na praghsanna a 'dúradh' nó a 'moladh' (go háirithe praghsanna miondíola) mar phraghsanna 'socraithe' ach chuir roinnt déantúsóirí coinníoll san áireamh ina gcuid sonrasc ag éileamh ar mhiondhíoltóirí súil a choinneáil ar a gcuid praghsanna sainiúla. Thug déantúsóir amháin 'lascaine substainiúil' do mhiondhíoltóirí as seasamh leis na praghsanna a bhí molta.⁸

Dealraíonn sé, ar an lámh eile, go ndearna RGDATA⁹ iarrachtaí móra lena chinntiú go ndearnadh cothabháil ar phraghsanna miondíola. Cuirtear síos go sonrasc ar na hiarrachtaí sin i dTuarascáil 1956. Áiríodh leis na beartais sin fáil réidh le comhaltaí ar theip orthu cloí le polasaí cothabhála praghsanna an Chumainn agus stocaireacht a dhéanamh chun go ndéanadh déantúsóirí baghat ar mhiondhíoltóirí a bhí páirteach i ngearradh praghsanna.

⁵ Nuair a labhraímid ar chothabháil praghsanna athdhíolta sa chomhthéacs seo tagraímid do íos chothabháil praghsanna athdhíolta – .i., an cleachtas le híospfraghas faoi nach cóir táirge a thairiscint le hathdhíol a shonrú.

⁶ Alt 8 den Acht Iomaíochta 2002

⁷ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1956, Lth.67.

⁸ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1956, Para. 99, Lth. 68.

⁹ Bunaíodh RGDATA i mBaile Átha Cliath i 1942 agus, dar le Tuarascáil CCT (Lth.39) ba ionann é, i 1956, "agus ceann de na cumainn trádála is mó sa tír."

Faoin gceannteideal *“Maintained Prices Protect Consumers”*, chuir RGDATA é seo isteach chuig an CCT *“Quality and service should be the determining factor”* agus ansin dúirt siad mar seo a leanas:

“...if there is no standard or maintained price, then the price payable will fluctuate from seller to seller and from place to place. This results in a further phase or step being interposed, in the mind of the consumer, between his comparing and selecting the product and its purchase. The potential consumer will, consequently, seek to locate where the article is sold at the cheapest price. In such circumstances, considerations of quality and service must, of necessity, be relegated to a secondary position as an influence on the consumer, who will now the more be motivated by cheapness of price in the making of his choice”.

Bhí sé soiléir ón aighneacht a chuir an Cumann isteach chuig Fiosrúchán 1956 nár thacaigh siad ach le cothabháil praghsanna i ndáil le ‘earraí branda’ ar chuir siad síos orthu mar *“...those goods which, mostly foodstuffs, are manufactured or processed, are of standard size, weight or quality, and have a published or advertised price.”*¹⁰

Tugann Tuarascáil CCT ar aird ag alt 120 (Lth 84) cé gur ghlac RGDATA go toillteanach leis gur chóir go mbeadh iomaíocht praghsanna ann i gcás táirgí eile (earraí “saor in aisce”, mar a tugadh orthu), rinneadh amhlaidh faoi réir ag an gcoinníoll nach mbeadh aon díolachán treoir-chailteanas ann agus *‘...it would be considered unfair, for instance, to sell imported brands below the wholesale price...’*

Léiríodh na polasaithe thuasluaite sna rialacha cóir-thrádála a moladh a chuir RGDATA chuig Fiosrúchán CCT lena mbreithniú. Áiríodh leo sin reachtaíocht a dhéanamh do chothabháil praghsanna athdhíolta agus foráil *“No grocer may engage in “loss-leader” selling by which is meant the retailing of goods at cost, less than cost, or at a price less than that which would include a reasonable profit for the distributor.”*

Is léir ó aighneacht RGDATA chuig fiosrúchán 1956 gur fhéach siad ar RPM mar rud riachtanach lena chinntiú go leanfadh grósaera an teaghlaigh i mbun oibre. Dúirt siad maidir le gearradh praghsanna, *“particularly effects the medium-sized or family grocers, who have not the advantage of strong financial backing and, therefore, cannot afford to suffer the loss of (sic) reductions in their meagre profits.”*¹¹

Dar le Tuarascáil 1956, tá sé ráite ag an gCumann chomh maith go raibh *“too many retail outlets for groceries and provisions in Ireland’* agus mhol siad córas ina gclárófaí siopaí grósaera sa Stát áit a dtabharfaí deis do thrádálaithe a bhí cheana ann fanacht i mbun an ghnó ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidís rialacháin sláinteachais ach go mbeadh iontráil chuig an

¹⁰ Aighneacht an RGDATA chuig an CCT, arna fhoilsiú in Aguisín III de Thuarascáil Fiosrúcháin an CCT, 1956, Lth. 140

¹¹ Aighneacht RGDATA arna fhoilsiú i dTuarascáil Fiosrúcháin an CCT, 1956, Lth.148.

trádáil amach anseo bunaithe ar *“training, knowledge, skill and financial stability.”*¹²

Bhí eagraíocht eile ann a bhí ag déanamh ionadaíochta ar thradáil earraí grósaera miondíola in Éirinn i 1956 agus ba é sin Cumann Grósaeirí Airgid. Bhí an seasamh a bhí acusan i leith CPM an-difriúil ón seasamh a bhí ag RGDATA. Bunaíodh an Cumann in Eanáir, 1955 chun troid in aghaidh lucht freasúra a bpolasaí féin praghsanna a laghdú ar raon leathan earraí *‘in the interests of their business.’*¹³

Ba é polasaí Chumann Grósaeirí Airgid ná *“the individual retailer should determine his retail prices on the basis of the nett (sic) cost of the goods to him having regard to such factors as demand and rate of turnover.”*¹⁴ Tháinig an CCT ar an gconclúid áfach nach raibh comhaltaí an Chumainn i mbun díolachán faoi chostas ach go raibh corrlach caol acu ar dhíolacháin.¹⁵

2.4 Conclúidí & Moltaí Fhiosrúchán 1956

Bhí aird ag an gCoimisiún Cóir-Thrádála, agus breithniú á dhéanamh aige ar na haighneachtaí éagsúla a rinneadh leis, nárbh iontas ar bith é go raibh iomaíocht praghsanna mar a bhí i bhfeidhm i gcás trádáil grósaera ag an am, dírithe den chuid is mó ar *“earraí saor in aisce”*, i mbeagán focal na hearraí sin nach raibh faoi réir ag cothabháil praghsanna athdhíolta.

Ar an lámh eile, breithníodh go raibh táirgí a raibh praghsanna miondíola socraithe ag gabháil leo tarraingteach do lucht siopaí agus dúirt an CCT: *“Hence resale price maintenance is a factor making for an increase in the number of outlets....”*

Mar thoradh air sin, tháinig an CCT ar an gconclúid cé gur thug cothabháil praghsanna athdhíolta deis, agus fiú amháin gur spreag sé, stórtha nua oscailt suas, chuir sé deireadh ar fad beagnach le hiomaíocht praghsanna san áit mhargaidh agus, go híorónach, bhí sé níos deacra mar gheall air slí mhaireachtála a shaothrú sa trádáil mar thoradh ar chomh scaipthe agus a bhí láimhdeachas i measc líon níos mó siopaí.

Dhiúltaigh an Coimisiún argóintí go raibh iomaíocht praghsanna go dona le haghaidh na trádála agus go gcuirfeadh sé go leor grósaeirí amach as gnó. Ghlac siad leis an tuairim dá mbeadh an scóip le haghaidh iomaíocht praghsanna *“...were extended by the abolition of resale price maintenance to include a much wider range of goods than at present, the pressure of price competition by being more diffused would tend to become less severe on particular groups of commodities.”*¹⁶

¹² Tuarascáil CCT, 1956, Lth.45

¹³ Tuarascáil CCT, 1956, Lth.51

¹⁴ Tuarascáil CCT, 1956, Lth.52

¹⁵ Tuarascáil CCT, 1956, Lth.117

¹⁶ Tuarascáil CCT, 1956, Lth.122

Tháinig an CCT ar an gconclúid “...*The Commission are of opinion that the enforcement of resale price maintenance in the grocery trade by collective action restricts competition and operates against the public interest and they recommend that it should be prohibited.*”¹⁷

Lean an CCT air agus dhiúltaigh sé éileamh RGDATA le haghaidh smachtbhanna reachtach i leith an chleachtais (rinne sé amhlaidh i gcás an éilimh a rinne siad le haghaidh córas clárúcháin Stáit i gcás siopaí grósaera).

Thug an Coimisiún áfach, aitheantas don riachtanas a bhí le roinnt cosaintí a thabhairt chun soláthar a dhéanamh in aghaidh an bhaoil a bhí le “*dian-iomaíocht praghsanna*” sa mhargadh i ndiaidh coisc a bhí curtha ar chothabháil praghsanna athdhíolta.¹⁸

Cé gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndealraíodh go raibh díolachán faoi chostas cleachtaithe “*to any significant extent*”¹⁹ agus dhiúltaigh siad freisin éilimh ar chosc ar dhíolachán faoi chostas mar rud “*not necessary at present*”,²⁰ mhol siad “...*that a supplier ... be allowed to withhold supplies from any retailer who sells a [branded] product...at a price lower than its price to retailers...before the deduction of any additional quantity discounts which may be applicable to the product.*”²¹.

Ag breathnú siar, d’fhéadfaí féachaint anois ar an moladh sin mar an chéad chéim i dtreo coisc ar dhíolachán faoi chostas.

Cuireadh moltaí an CCT i bhfeidhm trí Ordú um Earraí Grósaera 1956/’58 (féach Caibidil a hAon). Dúirt Seán Lemass, an tAire Tionscail & Tráchtála a bhí ann ag an am, le linn dó a bheith ag cur deiridh lena dhara óráid Dála dara céime ar an mBille chun na hOrduithe a dheimhniú,:

*“It has been strongly urged that resale price maintenance at the retail level should not only be permitted but be made enforceable by law, or, alternatively, that the law should provide that all retailers must take a minimum margin of profit on wholesale prices. I must make it clear that I reject both of these proposals. I think that the case for resale price maintenance in the grocery trade has been thoroughly demolished by the Fair Trade Commission and I agree entirely with the commission’s view that this practice is contrary to the public interest and that it should be prohibited. I am satisfied also that the notion of a legal mark up on wholesale prices is completely impracticable. I cannot conceive of any system to be enforced by law which would work and which would be fair to all concerned.”*²²

¹⁷ Tuarascáil CCT, 1956, Lth.123.

¹⁸ Tuarascáil CCT, 1956, Lth.124.

¹⁹ Tuarascáil CCT, 1956, Lth. 117.

²⁰ Tuarascáil CCT, 1956, Lth. 125.

²¹ Tuarascáil CCT, 1956, Lth.125.

²² Díospóireachtaí Dála, Imleabhar 171, Col 652, 12 Samhain, 1958.

Bhí an deireadh a cuireadh le Cothabháil Praghsanna Athdhíolta in Ordú 1956 ar cheann de na tionscnaimh pholasaí ba thábhachtaí a bhí ann ag an am agus ba thréimhse an-chinniúnach í ó thaobh teacht chun cinn thrádáil earraí grósaera na hÉireann. D'oscail sé an bealach ó thaobh iomaíocht praghsanna níos mó, spreag sé éifeachtúlachtaí ag gach leibhéal den tslabhra imdháilte, sholáthair sé rogha níos mó do thomhaltóirí agus thug sé deis don tionscal dul in oiriúint, nuachóiriú a dhéanamh agus forbairt ar bhealach nach bhféadfaí a dhéanamh murach sin.

2.5 Fiosrúchán 1966

Bhí go leor forbairtí san earnáil sna chéad deich mbliana eile.

Nuair a d'oscail H. Williams a gcéad ollmhargadh in Éirinn, ar Shráid Anraí i mBaile Átha Cliath, i 1959, dúirt tuairiscí nuachtáin ag an am nach raibh ciall ar bith leis, nach mbeadh aon tóir ar féin-seirbhís agus nach bhfágfaí oiread is táirge amháin ar na seilfeanna.

Faoin mbliain 1966, 10 mbliana ó Thuarascáil an CCT agus ó rinneadh an chéad Ordú um Earraí Grósaera, bhí ollmhargaí mar ghné thábhachtach den ghnó miondíola. Ceann de na torthaí a bhí ag an bhforbairt seo ná gur tháinig grúpaí ceannacháin chun cinn a bhunaigh mórdhíoltóirí agus miondíoltóirí chun a gcuid cumhacht ceannacháin a chonascadh, chun dul i mbun cainteanna le soláthróirí agus mar sin a gcumas chun iomaíocht a dhéanamh a fheabhsú. Go deimhin bhí tús curtha le trádáil ar a leithéid de shamhail i mBaile Átha Cliath chomh luath le 1954. Bhí breis is 70 comhalta ag obair i 85 siopa miondíola ag Allied Dublin Merchants (ADM) agus bhí siad bunaithe mar chomharchumann chun feidhmiú mar sholáthróir earraí grósaera mórdhíolta. Ní raibh aon duine in ann comhaltacht a ghlacadh i ADM ach amháin comhaltaí de chuid RGDATA. Níos déanaí, bunaíodh Merchant's National Co-operative Ltd (MNC) chun freastal ar riachtanais ghrósaeirí lasmuigh den phríomhchathair.²³

Tháinig an tsamhail “íoc & iompar” chun cinn freisin le linn na tréimhse seo inar tairgeadh praghsanna géara do mhiondíoltóirí a d'íoc as na táirgí le hairgead tirim agus a rinne a gcuid socruithe seachadta féin.

I 1966, chinn an CCT, mar fhianaise ar fhorbairtí den sórt sin, go mbeadh sé oiriúnach athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na nOrduithe um Earraí Grósaera.

San aighneacht a chuir siad mar thoradh air sin chuig an gCoimisiún, rinne an RGDATA an argóint go raibh Ordú 1956 míéifeachtach mar gheall go raibh drogall ar dhéantúsóirí soláthairtí a shiarchoinneáil ó mhiondíoltóirí a dhíol ag *“praghsanna a bhí an-íseal agus nach raibh gá leo.”* I dteannta an dá chumann mórdhíolta a rinne aighneachtaí,²⁴ d'iarr RGDATA arís eile go gcuirfí cosc ar dhíol earraí grósaera ‘faoin bpraghas mórdhíolta.’

²³ Tuarascáil ar Athbhreithniú an CCT, 1966, Alt. 11, Lth.9.

²⁴ Cumann Grósaeirí Mórdhíola, Impórtálaithe & Imdháilitheoirí agus Cumann Grósaeirí Mórdhíola na hÉireann.

2.6 Conclúidí & Moltaí Fhiosrúchán 1966

Rinne an CCT a chuid taighde féin agus tháinig siad ar an gconclúid “...*the frequency of sales of groceries below wholesale prices is low, and...such sales are usually confined to a limited range of products.*” Agus dúirt siad freisin: “*If firms were to engage for an indefinite period in the sale of an extensive range of groceries at uneconomic prices, the financial consequences would be bound to be serious, and the firms would ultimately become insolvent.*”

Mar thoradh air sin bhí, dar leis an CCT, “...*no necessity at the present time to consider the adoption of further measures in relation to excessive price competition.*”²⁵

Mar sin, dhiúltaigh athbhreithniú 1966 ar fheidhmiú na nOrduithe um Earraí Grósaera an nóisean a bhain le cosc ar dhíolachán faoi chostas agus ní dearnadh aon athruithe ar Orduithe 1956 ná 1958.

2.7 Fiosrúchán 1970 agus Tuarascáil Choimisiún Cóir-Thrádála 1972

Sna blianta ina dhiaidh sin, lean an CCT ag fáil raon gearán ó fhoinsí éagsúla maidir le cleachtais míchóir, lena n-áirítear iomaíocht praghsanna míchóir, sa trádáil earraí grósaera miondíola. I mí Dheireadh Fómhair 1970, thionscnaigh an Coimisiún fiosrúchán poiblí nua maidir le soláthar “*grocery goods for human consumption.*” Mar thoradh air sin tugadh Tuarascáil don Aire Tionscail & Tráchtála dar dáta Bealtaine, 1972.

Faoin mbliain 1972, ba iolraigh a bhí in ollmhargaí (arna sainmhíniú ag an CCT mar eagraíochtaí a raibh níos mó ná trí shiopa acu)²⁶, bhí ionaid siopadóireachta tagtha chomh fada le hÉirinn, agus bhí hipearmhargaí agus stórtha lascaine mar ghné den trádáil i margaí thar sáile agus bhí feidhmiú siombail (nó díolúine) ag teacht chun cinn nuair a sheol an grúpa ceannacháin ADM oibríocht Londis in Éirinn.²⁷

Fuair an Fiosrúchán CCT is déanaí roinnt gearán faoin gcleachtas a bhain le díolachán faoi chostas agus d’fhéach an CCT ar an ábhar go sonrach.

Bhí móramh mór finnétithe ag an bhFiosrúchán (seachas na hiolracha ach lena n-áirítear déantúsóirí, miondíoltóirí agus cumainn thrádála) in aghaidh díolachán faoi chostas agus mhol siad go gcuirfí cosc air sa dlí. Mhol RGDATA agus an grúpa ceannaitheoirí MNC gur chóir cosc a chur ar

²⁵ Tuarascáil ar Athbhreithniú an CCT, 1966, Alt. 8, Alt.8 & Alt 12, Lth.9.

²⁶ Tuarascáil Fiosrúcháin an CCT, 1972, Alt 52, Lth.29.

²⁷ Thug Tuarascáil Fiosrúcháin an CCT, 1972 ar aird ag Alt 69, Lth.34 “*At the time of the launching of the Londis operation, the members engaged in a vigorous campaign of promotion and advertising, including the sale of certain goods below purchase price.*”

dhíolacháin faoina bpraghas ceannacháin móide corrlach 5%²⁸ ar an mbunús go raibh díolacháin faoin leibhéal sin in ann an oiread dochair a dhéanamh do mhiondíoltóirí beaga agus a bhí díolacháin faoi chostas.²⁹

Bhreithnigh déantúsóirí go háirithe go raibh na cumhachtaí a bhronn Ordú 1956 orthu soláthairtí a shiarchoinneáil mí-oiriúnach agus go raibh sainmhíniú ‘praghas mórdhíolta’ “...*unreasonable and contrary to the interests of the consumer...*”³⁰

Rinne iolraigh cosaint ar dhíolachán faoi chostas ag an bhFiosrúchán mar uirlis margaíochta dleathach, ar nós caiteachas ar fhógraíocht agus ar chur chun cinn.³¹ B’fhearr le Cumann Mná Tí na hÉireann ‘*no below cost selling*’ agus ‘*fix(ed) maximum retail prices.*’³² Ní dhearna an aighneacht thar ceann Chumann na dTomhaltóirí aon tagairt don cheist.

2.8 Conclúidí & Moltaí Thuarascáil 1972

Tá conclúidí an CCT³³ ar an gceist a bhain le díolachán faoi chostas tábhachtach agus is fiú aird a thabhairt air.

Chreid an CCT mar thoradh ar chosc a fhorfheidhmiú “...*formidable and possibly insuperable, problems...*”³⁴. Dúirt siad “*In assessing a net purchase price...*” (i.e. to the retailer), “...*the inclusion of rebates based on future performance would be difficult...To exclude rebates would mean that the figure for a particular outlet earning a rebate would not be a true net purchase price...*”

Dúirt siad freisin: “*It would be reasonable to assume that a prohibition on sales below any price, however established, would be followed by pressure to have that price raised one way or another. This is strongly suggested by the proposal of RGDATA for the fixing of a margin of 5%.*”³⁵

Tá tábhacht áirithe ag baint le tuairim an CCT ón imscrúdú reatha a dhéanaimid ar an gceist:

“Any officially prescribed margin would in effect constitute official resale price maintenance. Indeed it is arguable that the prohibition of sales below any base price would represent resale price maintenance; it would at least represent a first step towards its reintroduction. This would amount to a major

²⁸ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Para. 203, Lth.87.

²⁹ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Para. 215, Lth.91.

³⁰ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Para. 204, Lth.87.

³¹ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Para. 210, Lth. 89.

³² Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Lth. 170.

³³ Ba iad comhaltaí an CCT ag an am ná an tUasal John J Walsh, Cathaoirleach, An tUasal Patrick M Lyons (a bhí mar Chathaoirleach níos déanaí) agus Mary P Beirne Uasal, comhalta sealadach a cheap an tAire chun críche an Fhiosrúcháin.

³⁴ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Para. 218, Lth.91.

³⁵ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Para.219, Lth.92.

*reversal by the State of a policy which prepared the way for rapid progress in the trade, which was beneficial to the consumer.*³⁶

Lean an CCT air ag tabhairt ardmholadh do na buntáistí a bheadh ag deireadh a chur le cothabháil praghsanna athdhíolta agus dúirt go gcuirfeadh cosc ar dhíolachán faoi chostas teorainn le *“competition in prices which is vital to trade.”*³⁷

In aineoinn na nithe thuasluaite ar fad, lean an CCT ag tabhairt aitheantais de go raibh gnéithe neamhinmhianta áirithe ag an gcleachtas díolachán faoi chostas, go háirithe go rabhthas ag tabhairt tuairim míthreoraigh faoi phraghsanna sa siopa lenar bhain. Bhí sé ráite cheana féin acu *“The selling of items below purchase price loses much of its impact unless such prices are widely advertised.”*³⁸

Ag cur leis sin mhol an CCT freisin go gcuirfí i bhfeidhm cosc ar fhógraíocht miondíola (ní díolachán) a dhéanamh ar thráchtearraí le díol ag praghas níos ísle ná an glan-phraghas ceannacháin a d’íoc sé orthu.

Dar le moladh an CCT, bheadh cáin le cur san áireamh sa ghlan-phraghas ceannacháin ach níor luadh aon rud faoi bhreithniú speisialta a dhéanamh ar lacáistí amach anseo.³⁹ Mar sin féin, nuair a rinneadh ordú 1973 a thabharfadh éifeacht don mholadh, bhí foráil in Airteagal 6 nár chóir don mhiondíoltóir earraí a bheadh le díol a fhógairt ar phraghas a bhí níos ísle ná an praghas *“after the deduction of any discount...”* ag ar cheannaigh sé iad. Ní raibh sé soiléir conas a dhéanfaí an foráil sin a chur i bhfeidhm, dá gcuirfí i bhfeidhm in aon chor é, i gcás lascaí a thairgeofaí go siarghabhálach.

Chuir Orduithe um Earraí Grósaera 1973 cosc ar fhógraíocht faoi chostas i gcás ábhair bhia amháin. Agus, as sin ar aghaidh, ní raibh feidhm leis an gcumhacht chun soláthairtí a shiarchoinneáil faoi Orduithe 1956 agus 1958 ach amháin i gcás earraí grósaera nach raibh aon bhia iontu. Tugann sé sin le fios go mbreathnaíodh ar chosc ar fhógraíocht faoi chostas agus ar an gcumhacht soláthairtí a shiarchoinneáil le díol faoi chostas mar eisiach go hiomlán nó, ar a laghad, chonachthas nach raibh gá le ceann áit a raibh an ceann eile i bhfeidhm.

Don tríú uair i níos lú ná 20 bliain, dhiúltaigh an Coimisiún Cóir-Thrádála ar iarratais chun cosc a chur ar dhíolachán faoi chostas.

2.9 Fiosrúchán 1975 agus Chéad Ordú 1978

I 1972, tháinig an fhreagracht i leith na ceiste ar an gCoimisiún um Chleachtas Srianata (CCS), a tháinig in áit an CCT de bhun Achta um Chleachtas Srianata na bliana sin.

³⁶ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Alt 221, Lth.92.

³⁷ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Alt 223, Lth.93.

³⁸ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Alt 201, Lth.87.

³⁹ Tuarascáil Fiosrúcháin CCT, 1972, Alt 225, Lth.94

I 1974 mhol an tImscrúdaitheoir um Chleachtais Srianta, An tUasal Austin Kennan, don CCS fiosrúchán a dhéanamh maidir le feidhmiú rannóga áirithe de na hOrduithe um Earraí Grósaera, go háirithe iad sin a bhain le sainmhíniú earraí grósaera agus téarmaí agus coinníollacha soláthair. Níor thagair Tuarascáil Fiosrúcháin an CCS a rinneadh mar thoradh air sin, a cuireadh faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 1975, ar aon bhealach don cheist a bhain le díolachán faoi chostas.

Mar a tugadh le fios i gCaibidil a hAon, níor tugadh éifeacht do na moltaí a rinneadh i dTuarascáil 1975 ach amháin in ordú leasaithe a rinneadh i dtús na bliana 1978.

2.10 Tuarascáil Neamhfhoirmiúil 1978 an Choimisiúin um Chleachtais Srianta

Níos déanaí ar an 28 Samhain, 1978, scríobh Cathaoirleach an CCS, an tUasal Niall McLiam, chuig an Aire Tionscail & Tráchtála, Desmond O'Malley, TD, agus nóta faoi iamh leis dar teideal "SITUATION IN THE GROCERY TRADE". Ní doiciméad foilsithe é an nóta sin agus mar sin níl sé le fáil in Aguisín a Cúig den Tuarascáil seo.

Le linn 1978, dhiúltaigh déantúsóir bia na hÉireann soláthairtí a shiarchoinneáil ó ollmhargadh a raibh líomhaintí déanta faoi ag daoine eile sa trádáil go raibh sé ag díol faoi chostas. Tharla agóid mar gheall air sin, agus rinne mórdhioltóirí agus grúpaí miondíola neamhspleácha baghcat ar an déantúsóir sin. D'éirigh le hidirghabháil a rinne an CCS stop a chur leis an mbaghcat ag feitheamh ar chainteanna leis na páirtithe san agóid.

Dealraíonn sé gur bhain cuid den deacracht a tharraing an baghcat ar an gcéad dul síos, mar a luadh in Alt 2.8 thuas, leis nach raibh feidhm níos mó leis an gcumhacht soláthairtí a shiarchoinneáil i gcás táirgí bia mar thoradh ar na leasuithe a rinneadh ar na hOrduithe um Earraí Grósaera i 1973. Ceann de na réiteacha a aithníodh i gcainteanna idir an CCS agus na páirtithe san agóid ná *"an amendment of the Groceries Orders to make it legal again for manufacturers to withhold supplies from outlets selling at or below cost."*⁴⁰

Tá sé soiléir chomh maith céanna ó thuarascáil an CCS ar an gceist gurbh é an t-athrú sin an t-íos athrú a bhí an trádáil a iarraidh chun réiteach a fháil ar rud a bhí ina ghéarchéim anois. Mar sin féin, is cosúil go mba léir ón trádáil gur mhian leo forfheidhmiú éifeachtach a fheiceáil ar an dlí i ndáil le fógraíocht faoi chostas.

⁴⁰ Féach Aguisín a Cúig.

2.11 Moladh chun úsáid a bhaint as "Glan-Phraghas ar an Sonrasc" mar Shainmhíniú ar Chostas

Mhol an CCS roinnt athruithe don Aire. Ag tagairt don chumhacht soláthairtí a shiarchoinneáil ó shiopa a bhí ag díol faoi chostas, dúirt an CCS:

"In this connection, 'cost' to be defined as net invoice price plus VAT."

Bhí tábhacht mhór leis an moladh sin. Ní thugtar aon mhíniúchán de i nóta an CCS chuig an Aire. Mar sin féin, glacadh leis an moladh agus tugadh isteach an téarma 'glan-phraghas ar an sonrasc' san ordú leasaithe.⁴¹ Ní luann na díospóireachtaí Dála agus Seanaid ar an mBille⁴² a dheimhneodh an tOrdú an leasú a bhain le 'glan-phraghas ar an sonrasc' agus ní thugtar aon leid dúinn maidir leis an réasún a bhí lena chur isteach.

Is dóigh gurbh é an phríomhaidhm a bhí leis an leasú ná roinnt áirithe cinnteachta a bhaint amach faoi cad is ciall le costas agus mar sin ionchúisimh a bhain le fógraíocht faoi chostas a éascú. Is cinnte go dtagann an tuairim sin leis an mbéim a chuireann cuid de ghnéithe na trádála air go bhforfheidhmeofaí níos díograisí an cosc. Mar sin féin ní féidir a rá cé chomh mór agus a bhí tionchar ag an trádáil ar úsáid an téarma, má bhí aon tionchar aige air.

Ag tógáil rudaí astu féin ar feadh scaithimh, d'fhéadfaí a rá gur tugadh an míniú seo mar gheall ar thuairimí an CCS i dTuarascáil a bhFiosrúcháin i 1980 nuair a dhéileáil siad le nádúr treallach aon sainmhíniú ar chostas agus luaigh siad mar seo a leanas:

"We stress the matter of arbitrariness, however, in order to make the point that arguments that such and such a matter in strict logic be taken into account are less compelling than considerations of ascertainability, practicality and general fairness."

It was with these considerations in mind that we recommended informally to the Minister in November, 1978 that the "net invoice price plus VAT" of goods should be taken to be the cost price of the goods for the purpose of the Orders."

2.12 An Dara Ordú i 1978

Ar aon chuma, bhí don chéad uair riamh tagairt san Ordú um Earraí Grósaera nua, a raibh éifeacht leis i mí na Nollag 1978, don 'ghlan-phraghas ar an sonrasc'. Ba é sin an tslat tomhais lena dtomhaisfí costas – i dtéarmaí na cumhachta a bhí ar fáil do dhéantúsóirí soláthairtí a shiarchoinneáil ó

⁴¹ An tOrdú um Chleachtas Srianata (Earraí Grósaera) (Leasú) (Uimh 2) 1978, I.R. Uimh 336 de 1978.

⁴² An Bille um Chleachtas Srianata (Deimhniú an Ordaithe) (Uimh 3), 1978 – Díospóireachtaí Dála Imleabhar 310 de 12 Nollaig, 1978 agus Díospóireachtaí Seanaid, Imleabhar 90 de 13 Nollaig, 1978.

mhiondíoltóirí a dhíol faoi chostas agus i dtéarmaí an choisc ar fhógraíocht faoi chostas.

2.13 Cás Cúirte 1979

Tharla sraith eachtraí eile níos lú ná dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin, i mí Dheireadh Fómhair 1979, a bhfuil baint thábhachtach aige leis an gcosc mar a thugtar air ar dhíolachán faoi chostas atá i bhfeidhm sa lá atá inniu ann. Rinne RGDATA agus Irish Association of Distributive Trades Ltd (IADT)⁴³ iarratas ar an Ardchúirt faoi Alt 19 den Acht um Chleachtais Srianta, 1972⁴⁴ ar urghaire chun cosc a chur ar 3 Guys Ltd (iolrach as Éirinn a bhí i bhfeidhm ag ollmhargadh ollmhór na Breataine Tesco) earraí a fhógairt faoi chostas.

Ní dhearnadh aon agóid faoi fhíricí an cháis. Thug 3 Guys le fios gur fhógair siad earraí le díol ag praghas a bhí níos ísle ná an glan-phraghas a bhí le feiceáil ar an sonrasc a fuair siad óna soláthróir nuair a cheannaigh siad iad. Dúirt siad, áfach, gur chóir ‘glan-phraghas ar an sonrasc’ chun críche an Ordaithe um Earraí Grósaera a cheangal leis an bhfíor-phraghas ceannacháin a bhí ar na hearraí lenar bhain. Mar sin, chreid siad gur chóir lascaíní agus lacáistí a d’íoc a soláthróir leo ina dhiaidh sin ach nach raibh le feiceáil ar an sonrasc a ghlacadh san áireamh.

Deimhníonn an fhianaise a bhí ar fáil dúinn le linn dúinn an Tuarascáil seo a chur le chéile gur tháinig tuairim na Roinne Tionscail & Tráchtála ag an am leis an tuairim a bhí ag na gearánaithe sa chás, RGDATA agus IADT – ar bheagán focal nach raibh lascaíní nach raibh ar an sonrasc san áireamh sa téarma “glan-phraghas ar an sonrasc”.

2.14 Rialú Cúirte faoin gCiall atá le “Glan-Phraghas ar an Sonrasc”

Ina bhreithiúnas a seachadadh ar an 20 Nollaig, 1979, bhronn an Breitheamh Ronan Keane an urghaire a iarraidh agus dúirt:

“I cannot accept the submission on behalf of the defendants that the net invoice price is to be equated to the real purchase price. If this were correct, it would mean that at the date the goods were advertised for sale, it could not be said with any certainty that the goods were in fact being advertised for sale at a price equal to or greater than the net invoice price since a period of up to a year might elapse before the “real purchase price” could be ascertained. Unless the language used coerced one to that conclusion, one could hardly suppose that either the legislature or the Minister intended to create a situation in which it

⁴³ Bunaíodh comhaontas mórdhíoltóirí agus miondíoltóirí neamhspleácha i 1978. I measc chéad ghníomhaíochtaí an chomhaontais bhí iarracht cur ina luí ar dhéantúsóir gníomh a ghlacadh chun cosc a chur ar dhíolachán faoi chostas a rinne miondíoltóirí ar a gcuid táirgí. Tháinig an IADT a bunaíodh go foirmiúil leis an mBunreacht in áit an chomhaontais i 1979.

⁴⁴ Deirtear in Alt 19: “It shall be lawful for a court of competent jurisdiction to grant an injunction on the motion of the Minister or of any other person to enforce compliance with the terms of an order under Section 8 for the time being in force...”

would be impossible to say, at any given time, whether a crime was being committed by the publication of a particular advertisement.”

Dhearbhaigh an Breitheamh Keane chomh maith gur ghníomhaigh an tAire go hiomlán laistigh dá chumhachtaí faoin Acht ina iarracht cosc a chur le díolacháin ag praghas a bhí faoin slat tomhais den ghlan-phraghas ar an sonrasc.

2.15 Tuarascáil 1980 & Ordú 1981

Bhí sé iarrtha ag an Aire Tionscail & Tráchtála ar an CCS, i mí Iúil 1979, fiosrúchán eile a dhéanamh faoi thrádáil earraí grósaera – an t-am seo go sainiúil i ndáil leis an gceist a bhain le díolachán faoi chostas. Bhí míshuaimhneas leanúnach mar thoradh air sin sa trádáil aineoinn eachtraí 1978 agus na leasuithe a rinneadh ar an Ordú níos déanaí an bhliain sin.

Cuireadh Tuarascáil Fiosrúcháin an CCS ina dhiaidh sin faoi bhráid an Aire ar an 14 Samhain, 1980.

D’fhéach an Coimisiún go háirithe air go bhféadfaí cosc iomlán a chur ar dhíolachán faoi chostas. Tá a gconclúid tábhachtach.

“We see no reason to depart from the views in the 1972 Report...that apart from giving rise to numerous practical points of difficulty, a ban on below cost sales would constitute a form of official resale price maintenance, representing up to a point a reversal of State policy which had brought rapid progress to the trade and benefits to the consumer.”⁴⁵

Léirigh an CCS na tuairimí seo a leanas freisin:

“...so radical an interference with the freedom to trade would require to be justified by demonstrating that grave damage to the common good would result from its absence.”⁴⁶

“Our conclusion is that the present and foreseeable circumstances of the Irish food manufacturing industry do not justify the prohibition of the practice of below cost selling.”⁴⁷

“There is nothing in the consumer interest which would justify the prohibition of below cost selling at this stage.”⁴⁸

D’fhéach an Coimisiún go sonrathach ar an gcosc a bhí i bhfeidhm cheana féin ar fhógraíocht faoi chostas, rud a chreid siad a bhí ag cur teorann leis an

⁴⁵ Tuarascáil Fiosrúcháin CCS, 1980, Para. 3.16, Lth.29

⁴⁶ Tuarascáil Fiosrúcháin CCS, 1980, Para. 3.16, Lth.29

⁴⁷ Tuarascáil Fiosrúcháin CCS, 1980, Para.3.33, Lth.35

⁴⁸ Tuarascáil Fiosrúcháin CCS, 1980, Para.7.8, Lth.69

luach a bhí ag díolachán faoi chostas de bhrí nach bhféadfaí praghsanna ísle a thabhairt ar aird an oiread sin custaiméirí. Dúirt siad freisin ina gconclúid “...prohibiting a trader from advertising goods below cost is a far less constrictive rule than prohibiting him from selling them below cost, and the existence of some unevenness in its application is more tolerable.”⁴⁹

Mar sin mhol an CCS gur chóir an cosc ar fhógraíocht faoi chostas a choinneáil agus cosc ar dhíolachán faoi chostas a thabhairt isteach ina áit. Mhol siad áfach go neartófaí téarmaí an choisc. Rinne siad imscrúdú ar an gceist maidir le costas a shainmhíniú agus thug sé sin, gan amhras, chomh fada le breithiúnas na hArdchúirte iad a tharla an Nollaig roimhe sin (1979). D'fhéach siad ar an gceist go sonrath in altanna 4.12 *et seq.* dá dTuarascáil ach is i gcomhthéacs an choisc ar fhógraíocht faoi chostas amháin a rinne siad é sin.

Ba é conclúid an Choimisiúin mar sin glacadh leis an scéal mar a bhí agus moladh a dhéanamh go mbainfí úsáid as an téarma ‘glan-phraghas ar an sonrasc’ mar an bunús chun costas ábhair a chinneadh, agus mar sin ag deimhniú an moladh den chineál céanna a rinne siad i mí na Samhna 1978. Mar sin féin, chuaigh siad céim níos faide an uair seo agus mhol siad go n-athrófaí an tOrdú um Earraí Grósaera chun an sainmhíniú arna shannadh ag an rialú Cúirte ar an téarma ‘glan-phraghas ar an sonrasc’ a bheith mar chuid de. Chuirfeadh sé sin deireadh ar deireadh thiar le haon athbhrí a d’fhéadfadh a bheith le cad is ciall le costas.

Tugadh isteach, mar sin, an téarma ‘glan-phraghas ar an sonrasc’ san Ordú um Earraí Grósaera mar gheall gur fheill sé ó thaobh cúrsaí riaracháin agus sin amháin, agus is cinnte gur chomhaontaigh agus gur spreag an trádáil a leithéid a dhéanamh, ionas go mbeadh sé níos éasca cosc a fhorfheidhmiú ar fhógraíocht faoi chostas.

Bhí sainmhíniú an téarma, a cuireadh le hOrdú 1981, bunaithe ar léirmhíniú na hArdchúirte ar an gciall a bhí le cur ar na focail ‘glan-phraghas ar an sonrasc’.

Mar sin is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil aon réasún eacnamaíochta ar aon bhealach ag an téarma mar atá feidhm leis sa lá atá inniu ann, sa chomhthéacs an-difriúil atá ar dhíolachán faoi chostas.

Moladh athruithe eile freisin chun an cosc a neartú mar chosc sainiúil ar thairiscintí cur chun cinn speisialta a fhógairt (“péire ar phraghas ceann amháin” agus mar sin) a d’fhéadfadh a bheith ionann le fógraíocht faoi chostas agus bearta chomh maith chun déileáil le táillí seachadta nach dtaispeántar ar an sonrasc agus freisin conas a láimhsítear sonraisc in airgeadra coigríche.

De bhrí gur tugadh Tuarascáil Fiosrúcháin 1980 an CCS chun críche, agus go ndearnadh Ordú 1981 a thug éifeacht dá mholtaí, tháinig deireadh leis an séú

⁴⁹ Tuarascáil Fiosrúcháin CCS, 1980, Alt 3.67, Lth.49

athbhreithniú dá leithéid a rinneadh ar choinníollacha trádála i dtrádáil earraí grósaera na hÉireann sna 25 bliain roimhe sin. Níor fhéach aon cheann de na sé athbhreithnithe sin ar chosc iomlán ar dhíolachán faoi chostas nó theip orthu a leithéid a mholadh.

Féachfaimid, sa chéad Chaibidil eile, ar Thuarascáil an Athbhreithnithe ar Ordú 1981.